IDA Ireland

# 2011 NUÁLAÍOCHT

## IDA IRELAND

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS 2011

Uasmhéadóidh **IDA Ireland** tionchar an FDI i gclaochlú na hÉireann ina mol domhanda don nuálaíocht agus tráchtálaíocht, ag tabhairt deiseanna fostaíochta nua agus buntáistí eacnamaíocha dá muintir ar fad trí mheán ardchaighdeán infheistíochta a chothú agus a ghnóthú. I gcomhar le páirtithe leasmhara eile, cinnteoidh **IDA** go bhfanann Éire ina timpeallacht mealltach uathúil inar féidir le cuideachtaí ilnáisiúnta fás ann.

Don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta: De bhun na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1986 go 2009, cuireann IDA Ireland leis seo a tuarascáil agus cuntais don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2011 i láthair.

# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an POF | 2 |
| Buaicphointí Infheistíochta | 7 |
| Staitisticí | 10 |
| Rialachas Corparáideach | 14 |
| Ráitis Airgeadais | 20 |
| Struchtúr na hEagraíochta | 39 |
| Líonra Oifigí Domhanda | 40 |




# Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an POF



# Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an POF



**Liam O'Mahony**
Cathaoirleach (ar chlé)

**Barry O'Leary**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (ar dheis)*

Ba í 2011 an bhliain ba dhrámata ó thús na géarchéime airgeadais domhanda. Ní hamháin go raibh tíortha aonair á mbagairt ag éagobhsaíocht margaidh, bhí réigiúin gheilleagracha iomlána ag déileáil le coinníollacha géarchéime chomh maith céanna.

Bhí geilleagar na hÉireann ag dul i ngleic an athuair le deacrachtaí inmheánacha agus seachtracha, ach faoi dheireadh na bliana ba léir feabhas áirithe a bheith ag teacht ar na coinníollacha geilleagracha arís.

Ainneoin téarnamh geilleagrach na hÉireann a bheith réasúnta mall faoi láthair, tá feidhmíocht um Infheistíocht Dhíreach Eachtrach (FDI) na tíre fós buacach.

Ainneoin líon do-áirithe dúshlán a bheith le sárú, tá bonn fós le tréithe sainiúla na hÉireann mar láthair infheistíochta. In 2011 chonacthas feidhmíocht láidir sa leibhéal FDI gnóthaithe ag Éire.

Níor chóir a bheith bogásach, áfach, agus is iad na coinníollacha géarchéime atá mar bhonn leis an tréimhse reatha gheilleagrach a bhí mar bhonn le hiomaíocht mhéadaithe FDI ar fud an domhain.

Tá Éire ag glacadh go fonnmhar leis an iomaíocht mhéadaithe seo, mar atá le feiceáil i bhfigiúirí 2011 de chuid IDA Ireland. D'éirigh le IDA Ireland 148 infheistíocht a chinntiú, méadú 17% ar líon infheistíochtaí na bliana roimhe sin.

Cruthaíodh thart ar 13,000 post nua FDI; méadú 20% ar 2010, agus bhí caillteanas post ag an leibhéal is ísle le deich mbliana anuas rud is cúis leis an nglanmhéadú post is fearr le breis agus 10 mbliana anuas.

Leanadh go fuinniúil le béim IDA Ireland, mar atá luaite ina straitéis Horizon 2020, ar chur le branda na hÉireann thar lear agus ar líne in 2011; tá éifeachtaí dearfacha na hoibre seo le sonrú go soiléir i muinín athnuaite na hÉireann mar ionad FDI.

I measc na gcuideachtaí a rinne infheistíochtaí suntasacha in Éirinn in 2011 bhí **IBM**, **Coca Cola**, **Amgen**, **Pfizer**, **MSD**, **PayPal**, **Fidelity**, **HedgeServ**, **VMware**, **EA/Bioware**, **Prometric**, **Sumitomo** (**JRI America**), **Harmac**, **Analog Devices** agus **Gilt Groupe**.

## Cúis Cheiliúrtha FDI d'Éirinn

Chinn cuideachtaí sna réimsí seo a leanas - Eolaíochtaí Beatha, Gnó agus Seirbhísí Tomhaltóra, Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta, TFC, na Meáin Dhigiteacha, Teicneolaíocht Ghlan agus Innealtóireacht, lonnú in Éirinn de bhrí go bhfuil lucht oibre oilte agus nuálach ann chun tabhairt faoi Thaighde, Forbairt agus Nuálaíocht (RF&N), Seirbhísí, agus gníomhaíochtaí Déantúsaíochta Ardluacha.

Ceann de na príomhréimsí fáis i gcomhthéacs infheistíocht IDA Ireland in 2011 ba ea an earnáil seirbhísí nuair a tháinig dea-scéala ó chuideachtaí lena n-áirítear **PayPal**, **Quest Software**, **NPD** agus **LinkedIn**.

Tá Éire anois ar cheann de na hionaid is fearr san Eoraip chun cuideachtaí seirbhísí gnó a mhealladh chuici agus tá cáil uirthi as a cumas oibríochtaí seirbhísí comhroinnte a mhealladh mar aon le ceanncheathrú réigiúnach atá in ann freastal ar Mhargaí Eorpacha agus Domhanda.

In 2011 lean Éire ag cur lena cáil mar mhol d'infheistíocht TF&N. Tá an cháil seo bunaithe ar an timpeallacht láidir chomhoibritheach atá á soláthar ag an tionscal, lucht acadúil, gníomhaireachtaí rialtais agus údaráis rialála atá ag obair lena chéile agus ag baint tairbhe as tacaíocht beartais pró-ghnó an Rialtais. I measc na gcuideachtaí a d'fhógair infheistíochtaí TF&N in 2011 bhí **Boston Scientific**, **IBM**, **Valeo**, **EMC**, **Analog**, **MSD**, **Biotrin**, **Merck**, **Misys**, **Ericsson** agus **Covidien**. Cinntíodh breis agus €700 milliún in infheistíochtaí nua TF&N d'Éirinn in 2011.

D'éirigh go maith le gníomhaíochtaí déantúsaíochta ardluacha in 2011. Tá **Intel** ag infheistiú €359 milliún in uasghrádú a áis déantúsaíochta i gCo. Chill Dara agus beidh 200 post nua déantúsaíochta ardluacha á gcruthú agus 850 post san earnáil tógála, agus chomh maith leis sin d'oscail **Coca-Cola** a áis nua déantúsaíochta agus nuálaíochta, áis a chosain €216 milliún, i Loch Garman, áit a gcruthófar 100 post nua.

Chuir **Bausch and Lomb** lena thiomantas do réigiún an Oirdheiscirt trí infheistíocht €72 milliún a dhéanamh ina oibríocht déantúsaíochta um chúram súl i bPort Láirge. Ba é a bhí mar thoradh ar an infheistíocht seo ná 100 post tógála a chruthú rud a chabhraigh leis an 1,100 post atá sa chuideachta cheana féin a dhaingniú. D'infheistigh **AMS** €4.6 milliún agus tá sé beartaithe aige 50 post a chruthú trí áis déantúsaíochta a bhunú i mBaile Átha Luain; d'fhógair an soláthraí feistí leighis, **Kelcourt**, go bhfuil oibríocht déantúsaíochta á bunú i dTulach Mhór agus go mbeidh 55 post nua á chruthú; d'infheistigh an déantóir feistí leighis, **Harmac**, i bhforbairt 10,000 troigh cearnach ina áis i gCo. Ros Comáin agus tá sé beartaithe aige 100 post a chruthú.

## Cliaint Eiseacha agus a gClaochlú

Tá claochlú ar ghné lárnach de straitéis IDA agus aithníodh é sin i Horizon 2020 a foilsíodh in 2010. Cúis dóchais sa chomhthéacs sin ba ea gur fhógair go leor cliantchuideachtaí infheistíochtaí forbartha agus éagsúlaithe in 2011 (méadú 17% ar an iomlán). I measc na bhforbairtí seo bhí uasghrádú scileanna, uasghrádú teicneolaíochta, éifeachtúlacht fuinnimh, TF&N i bhfeabhas táirgí agus próisis nó glacadh le sainorduithe nua d'fhonn tábhacht straitéiseach na n-oibríochtaí Éireannacha a mhéadú laistigh dá máthairchorparáidí.

Tá brú breise ó thaobh costais de ar chuideachtaí ilnáisiúnta ar fud an domhain. Gnáthchleachtas do chuideachtaí é fás táirgiúlachta idir 5-10% a bhaint amach bliain i ndiaidh bliana nó beartas a bheith ann a chiallaíonn go mbíonn céatadán áirithe de ghníomhaíochtaí reatha de shíor á athrú chuig ionaid a mbaineann costais níos ísle leo. Dá thoradh sin, tá riachtanas leanúnach ann go mbeidh oibríochtaí FDI Éireannacha i mbun iomaíochais a fheabhsú agus i mbun claochlaithe.

I measc na gcuideachtaí a d'fhógair forbairt agus éagsúlú in 2011 bhí **PayPal**, **HP**, **VMware**, **Pfizer**, **D&B**, **Google**, **Murex**, **BNY Mellon**, **Symantec**, **Teleflex**, **LinkedIn** agus **Fidelity**.

## Forbairt Réigiúnach

Sprioc eile atá luaite in Horizon 2020 is ea go mbeadh 50% d'infheistíochtaí idir 2010 agus 2014 lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus Corcaigh. Is sprioc thar a bheith dúshlánach é seo ó tharla an t-éacht de 28% a baineadh amach in 2011 a bheith ag brath go láidir ar roghanna déanta ag cliantchuideachtaí. Rinne go leor cuideachtaí infheistíocht shuntasach in ionaid réigiúnacha, dála **Valeo** (forbairt €17 milliún, Tuaim, Co. na Gaillimhe), **AMS** (infheistíocht €4.6 milliún agus 50 post, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí), **Kelcourt** (55 post, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí), **Zenimax** (na céadta post, Gaillimh), **Avaya** (50 post, Gaillimh), **Bausch and Lomb** (infheistíocht €72 milliún, Port Láirge), **Gilt Groupe** (200 post, Luimneach agus Baile Átha Cliath), **NPD** (100 post, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí), **Harmac** (100 post, An Caisleán Riabhach, Co. Ros Comáin), **Mycroft** (50 post, Port Láirge), **Teleflex** (80 post, Luimneach), **Ericsson** (100 post, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí), **Analog** (100 post, Luimneach), **EA/Bioware** (200 post, Gaillimh), **JRI America (Sumitomo)** (100 post, Trá Lí, Co. Chiarraí), **Pivot** (100 post, Gaillimh), **Prometric** (100 post, Dún Dealgan, Co. Lú) agus **ON Semiconductor** (69 post, infheistíocht €13m, Luimneach).

# Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an POF (Ar lean)

## Cuideachtaí Luath Chéime

Tuigeann IDA Ireland go rímhaith nach mór caidreamh a bhunú le cuideachtaí thar lear, fiú amháin i rith na gcéimeanna forbartha tosaigh. Ainneoin cáil a bheith ar Éire go hidirnáisiúnta mar thír a mheallann cuideachtaí ollmhóra dála Intel, Pfizer, Apple, agus Johnson & Johnson, le dhá nó trí bliana anuas tá IDA Ireland ag díriú níos mó ar chuideachtaí dara sraithe agus lár-sraithe — cuideachtaí a mbeadh ioncam idir €70 milliún agus €540 milliún acu. Príomhsprioc eile iad cuideachtaí nua ardacmhainne ar spéis leo tairbhe a bhaint as margadh idirnáisiúnta — cuideachtaí a bhféadfadh uasmhéid €30 milliún ioncam a bheith acu nó nach mbeadh ioncam ar bith acu b'fhéidir i ndiaidh dóibh triail a bhaint as dhá nó trí bhabhta d'infheistíocht chaipiteal fiontair.

Is iomaí fachtóir atá mar bhonn le himreoirí chomh nuálacha sin a mhealladh go hÉirinn, fachtóirí dála cuntas teiste, éascaíocht ghnó, agus lucht oibre a bhfuil Béarla ar a dtoil acu. Is cuideachtaí nuálacha iad seo agus, dá bhrí sin, baineann fíorthábhacht leis an mbonn scileanna agus tallainne in Éirinn, chomh maith le timpeallacht mhealltach cáin chorparáide agus infreastruchtúr teicneolaíochta.

Tá foirne bunaithe i mBaile Átha Cliath, Luimneach, Nua-Eabhrac agus Mountain View, California, le díriú ar chuideachtaí den sórt sin. Ó bunaíodh 'Foirne na nGnóthaí Éiritheacha' in Eanáir 2010, tá breis agus 41 infheistíocht déanta ag cuideachtaí luath chéime, lena n-áirítear **Marketo**, **EngineYard**, **Pinger Inc**, **Mycrof**t agus **Sangart**. Tá comhaontú comhpháirtíochta ag Marketo, mar shampla, le Salesforce.com. a dhéanann neart gnó in Éirinn; gné ar bhain fíorthábhacht léi i gcomhthéacs an phróisis chinnteoireachta.

## Margaí Fáis

D'fhonn tacú le cuspóir sonraithe IDA Ireland in Horizon 2020, is é sin 20% d'infheistíochtaí Greenfield a fháil ó mhargaí ardfháis faoin mbliain 2014, osclaíodh seacht n-oifig nua IDA le déanaí in Shang-hai agus Shenzhen, Mumbai agus Bangalore, Singeapór, Moscó agus Sao Paolo, forbairt atá mar thoradh ar éagsúlú foinsí de chuid FDI.

Cé gurb ionann na margaí seo agus deiseanna easpórtála níos fearr d'Éirinn sa mheántréimhse mar gheall ar a rátaí fáis intíre, cúis dóchais iad na hinfheistíochtaí isteach atá beartaithe faoi dheireadh 2011 agus táimid lántiomanta dár spriocanna de chuid 2014 a bhaint amach. Níl aon amhras, i bhfianaise láidreachtaí na ngeilleagar seo, gur cheart dúinn sciar den mhargadh a bheith againn agus is ag infheistiú ag féachaint don mheántréimhse agus don fhadtréimhse atáimid.

## Tionscnamh Irish Diaspora/ Succeed in Ireland

Tá IDA Ireland freagrach as an tionscnamh Succeed in Ireland agus déanfaidh sé gach iarracht smaointe, a thagann ó phobal a bhfuil dlúthnasc aige le hÉirinn, a úsáid chun infheistíocht a mhealladh go hÉirinn.

Oibríonn IDA Ireland i gcomhar leis an bhfoireann ConnectIreland atá ceaptha aici chun an tionscnamh seo a reáchtáil. Is é an aidhm atá le clár Succeed in Ireland ná cur leis an obair atá ar bun ag IDA Ireland, trí aitheantas a thabhairt don phobal domhanda, idir diaspóra nó duine ar bith eile a bhfuil nasc aige/aici le hÉirinn, chun léargas a thabhairt d'infheisteoirí poitéinsiúla eachtracha ar an tairbhe a d'fhéadfaidís a bhaint as infheistiú in Éirinn.

Trí ghréasán atreoraithe ar líne, is féidir aithne a chur ar theagmhálacha a mbeidh poist nua á gcruthú in Éirinn mar thoradh leo, teagmháil a thuillfidh íocaíocht don teagmhálaí (nascóir) i ndiaidh tréimhse áirithe ama nuair a bhíonn na poist cruthaithe. Féadfaidh daoine logáil isteach ar láithreán gréasáin ConnectIreland agus teagmháil a bhunú le cuideachtaí a measann siad a mbeadh spéis acu infheistiú in Éirinn.

## Foireann

I ré seo na déine, tá go leor díospóireachta ar bun faoi chaipiteal airgeadais, ach san eagraíocht seo tá béim shuntasach ar chaipiteal daonna (ár bhfoireann).

Ainneoin méadú tapa a bheith ag teacht ar iomaíocht dhomhanda ar FDI, tá foireann IDA Ireland ag dul i ngleic leis an iomaíochas seo agus ionchais á sárú aige go comhsheasmhach. Tréaslaíonn an Bord le foireann IDA Ireland as a dtiomantas a bheith páirteach sa mhargadh domhanda agus idirghníomhú le hinfheisteoirí poitéinsiúla ag na leibhéil is airde.

## Conclúid

Is léir go bhfuil dúshláin gheilleagracha le sárú faoi láthair agus go bhfuil sé fíordheacair réamhinsintí cinntitheacha geilleagracha a dhéanamh. Ach tá sreabha láidre infheistíochta bunaithe ag IDA Ireland sa chéad leath de 2012 ainneoin éiginnteachtaí a bheith le sonrú ar bhonn domhanda agus Eorpach.

Tá cuma dhearfach ar na tionscadail atá beartaithe ag IDA Ireland a chur i gcrích amach anseo, ach tá gá le hathnuachan agus le hathshlánú chomh maith céanna.

Tá straitéis agus treo soiléir ag IDA Ireland. Is eagraíocht sholúbtha agus mhearghluaiseachta í agus áit ar bith a bhfuil deiseanna FDI, bainfidh IDA Ireland tairbhe astu.

Trí bheith ag obair lenár bpáirtithe leasmhara éagsúla, is féidir leanúint orainn mar a rinneamar in 2011 i mbliana agus sna blianta amach romhainn.

Is léir go dtuigeann IDA an luach a bhaineann le FDI in Éirinn, ach chomh maith leis sin, is léir go dtuigeann go leor dár bpáirtithe leasmhara an ról a d'fhéadfadh a bheith ag na hinfheistíochtaí seo in athghiniúint gheilleagrach na hÉireann.

Tá spéis ag IDA Ireland i sreabha FDI atá inbhuanaithe, ach fós féin beidh an eagraíocht leochaileach mura mbeidh i gceist ach athdhéanamh na mbeart a rinneadh go dtí seo. Seachas sin, táthar sa tóir ar chineálacha nua cuideachtaí, samhlacha nua gnó, teicneolaíochtaí nua agus ionaid margaidh nua agus tá IDA Ireland lánsásta triail a bhaint as bealaí nua chun gnó a dhéanamh.

Dála ár gcliantchuideachtaí agus an geilleagar náisiúnta go ginearálta, tá an eagraíocht seo i lár céim athraithe agus ainneoin dúshláin shuntasacha a bheith le sárú, creidimid go dtiocfaidh forbairt ar IDA Ireland agus gur eagraíocht níos láidre fós a bheidh ann sna blianta amach romhainn.

**Liam O'Mahony**
Cathaoirleach

**Barry O'Leary**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# Tionchar an FDI (Infheistíocht Dhíreach Eachtrach)

Tá tábhacht an FDI do gheilleagar na hÉireann suntasach go maith go fóill.
**Sa bhreis ar easpórtálacha, ar an iomlán cruthaíonn FDI**
**250,000 post díreach agus indíreach (1 as gach 7 bpost).**

Buadh curiarracht
**148**
infheistíocht san iomlán[1]

Cruthaíodh os cionn
**13,000**
post nua[2]

**146,000**
i bhfostaíocht díreach[3]

TAX

**€2.8 billiún**
íoctha i gcáin chorparáide[4]

Sheas cuideachtaí FDI le haghaidh nach mór
**70%**
den chaiteachas gnó iomlán ar Thaighde, Forbairt agus Nuálaíocht[5]

## Chruthaigh cliantchuideachtaí IDA:

**€115 billiún**
in easpórtálacha measta[6]

**€19 billiún**
do gheilleagar na hÉireann, lena n-áirítear cáin chorparáide[7]

**€6.9 billiún**
i bpárolla[8]

Líon iomlán cuideachtaí IDA[9]
**1,004**

[1] IDA Ireland
[2] IDA Ireland
[3] Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2011 de chuid Forfás
[4] Figiúirí Státchiste, an Roinn Airgeadais agus Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch 2010 de chuid Forfás
[5] Suirbhé BERD de chuid Forfás / CSO
[6] IDA Ireland 2011
[7] Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch 2010 de chuid Forfás
[8] Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch 2010 de chuid Forfás
[9] Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2011 de chuid Forfás

Ní raibh iomaíocht don infheistíocht isteach chomh láidir riamh, ach tá diongbháilteacht náisiúnta na hÉireann mar cheann de na háiteanna is fearr ar domhan le gnó a dhéanamh ann gan croitheadh.

# Ranguithe Idirnáisiúnta na hÉireann

Ar scála domhanda, éiríonn thar barr le hÉirinn in a lán príomhréimsí a leagann infheisteoirí béim orthu, rud a chabhraíonn le dlús a chur faoi FDI.

## 1

De réir Bhliainiris Iomaíochais Dhomhanda IMD 2012, bhí **Éire ag barr an liosta** i gcomhthéacs infhaighteacht lucht oibre oilte, solúbthacht an lucht oibre, dreasachtaí infheistíochta agus dearcthaí domhandaithe. Chomh maith leis sin, bhí Éire rangaithe go hard i gcomhthéacs a bheith i bhfabhar infheisteoirí eachtracha i dtéarmaí reachtaíocht gnó, agus rangaithe sa cheathrú háit i gcomhthéacs ráta cáin chorparáide.

## 2

Go déanach sa bhliain 2011, d'eisigh Forbes an tuarascáil bhliantúil Best Countries for Business, agus bhí Éire luaite i measc **an 10 dtír is fearr** arís.

## 3

De réir thuarascáil Iomaíochais Tagarmharcála Cathrach Domhanda Aonad Faisnéise Geilleagraí 2012, is é Baile Átha Cliath **an chathair is fearr** ar domhan don chaipiteal daonna.

## 4

Tarraingítear aird i dTuarascáil Treochtaí Ionad Domhanda IBM 2011, ar an bpointe go bhfuil Éire rangaithe **sa chéad áit** ar domhan d'infheistíocht isteach de réir caighdeáin agus luacha, agus **sa dara háit** ar domhan don líon post infheistíochta isteach in aghaidh an duine.

## 5

In 2012, sonraíodh i dTuarascáil ar Infheistíocht Dhíreach Eachtrach ó Foreign Direct Intelligence go raibh feidhmíocht na hÉireann **go mór chun cinn ar an meán** Eorpach in 2011.

## 6

Léiríonn staidéar a rinne an Heritage Foundation go bhfuil an **geilleagar is saoire** i limistéar an euro ag Éire faoi láthair.

## 7

Tá Éire rangaithe i measc an **10 n-áit** is éasca ar domhan le gnó a dhéanamh inti — bhí Éire rangaithe go maith i gcomhthéacs gnó nua a bhunú, éascaíocht creidmheas a fháil agus infheisteoirí a chosaint de réir thuarascáil Doing Business 2012 de chuid an Bhainc Dhomhanda.

## 8

Site Selection's fourth annual Best to Invest rankings of nations and metro areas for investment attraction activity in 2011 shows **Ireland topped the list** of Western European nations.

# Buaicphointí Infheistíochta 2011



# Feidhmíocht láidir i gcruthú fostaíochta nua ó chuideachtaí ilnáisiúnta in 2011

Tá Éire ar cheann de na háiteanna is fearr ar domhan le gnó a dhéanamh inti. Tá sé seo ar eolas againn de bhrí go léiríonn suirbhéanna idirnáisiúnta go bhfuilimid i measc an sé hionad is fearr agus, níos tábhachtaí ná sin, mar go ndeir na corparáidí atá infheistithe anseo é seo linn. Is é an phríomhchúis atá leis seo, dar linn, ná go bhfuil ár mbeartais forbartha dírithe ar infheistíocht dhíreach eachtrach a spreagadh le breis agus leathchéad bliain anuas, rud a chiallaíonn go bhfuil Éire chomh mealltach agus a d'fhéadfadh sí bheith i gcomhthéacs riachtanas gnó na gcorparáidí atá i mbun fáis.

## Infheistíochtaí suntasacha in Éirinn in 2011

Tá **Intel** ag infheistiú breis agus €359 milliún in uasghrádú a áis déantúsaíochta i gCill Dara agus tá 200 post nua déantúsaíochta ar ardchaighdeán agus 850 post tógála á gcruthú.

D'fhógair **Google** infheistíocht nua €75 milliún in ionad sonraí aerfhuaraithe, tíosach ar fhuinneamh i mBaile Átha Cliath.

D'fhógair **Pfizer** go bhfuil sé le hinfheistíocht shuntasach €144 milliún a dhéanamh ina áis déantúsaíochta biteicneolaíochta i gCaisleán na Gráinsí. Cuirfidh an infheistíocht seo ar chumas Pfizer dhá sheomra próiseála nua a bhunú ag an ionad agus cur leis na hacmhainní táirgthe agus tástála táirgí.

D'fhógair **Fidelity** go gcruthóidh sé 100 post nua ag a chuid áiseanna sa Ghaillimh agus i mBaile Átha Cliath. Earcóidh Fidelity 100 gairmí teicneolaíochta ardoilte a dhíreoidh ar Bhainistíocht Infheistíochta agus réitigh theicneolaíocha d'Fhiontar Corparáideach. Is ionann an tionscnamh seo agus infheistíocht €11 milliún ag Fidelity le trí bliana anuas.

Tá **VMware** ag cur lena acmhainní in Éirinn agus é fógartha go bhfuil sé beartaithe 250 post nua a chruthú i gCorcaigh in imeacht trí bliana. Beidh formhór na bpost seo dírithe ar thacaíocht ardluacha do chustaiméirí agus ar speisialtóirí díolacháin.

Cuirfidh **D&B** lena ionad oibríochtaí teicneolaíochta agus sonraí i mBaile Átha Cliath trí 75 post breise a chruthú faoi 2012 d'fhonn tacú leis na hinfheistíochtaí straitéiseacha a fógraíodh roimhe seo. Ciallóidh sé seo go mbeidh 225 post ar fad cruthaithe ag D&B in Éirinn, ainneoin nach bhfuil sé bunaithe i mBaile Átha Cliath ach ó 2009 anonn.

Tá **Boston Scientific** ag infheistiú €26 milliún i dtaighde agus forbairt (T&F) san áis dá chuid i gCluain Meala. Cuirfidh an infheistíocht seo ar chumas na cuideachta cur go suntasach lena hacmhainní T&F agus teicneolaíocha.

D'fhógair **PayPal** 150 post nua ag a cheanncheathrú Eorpach oibríochtaí agus seirbhís do chustaiméirí i mBaile Bhlainséir, Baile Átha Cliath.

D'fhógair **LinkedIn** go mbeidh 100 post nua á gcruthú i mBaile Átha Cliath. I measc na ról a bheidh i gceist beidh poist do chéimithe agus do dhaoine a bhfuil taithí acu, deiseanna sa réimse díolacháin, forbairt gnó, margaíocht, seirbhísí do chustaiméirí, airgeadas, AD agus oibríochtaí.

D'oscail **Coca-Cola** a áis nua déantúsaíochta agus nuálaíochta ar fiú €216 milliún é i Loch Garman, áit a gcruthófar 100 post nua.

D'fhostaigh **Hedgeserve** 150 duine breise le 12 mhí anuas, rud a chiallaíonn go bhfuil 230 duine fostaithe ag an gcuideachta in Éirinn. Chomh maith leis sin, d'fhógair HedgeServ go bhfuil a thuilleadh fáis beartaithe in Éirinn agus fógraíodh go mbeidh 300 post breise á gcruthú amach anseo.

D'fhógair **IBM** oscailt oifigiúil a Ionad Teicneolaíochta um Chathracha Níos Cliste agus bunú chéad Saotharlann Taighde & Forbartha IBM san Aontas Eorpach.

Chuir **Genzyme**, cuideachta Sanofi, tús oifigiúil le forbairt €150 milliún ag a champas biteicneolaíochta i bPort Láirge áit a bhfuil 500 duine fostaithe, agus tá infheistíocht chaipitil €500 milliún déanta ó bunaíodh Genzyme in Éirinn 10 mbliana ó shin.

D'fhógair **Marketo** go bhfuil 125 post le cruthú i mBaile Átha Cliath sna trí bliana amach romhainn. Tá an chuideachta i mbun foireann a fhorbairt chun réitigh uathoibriú margaíochta agus éifeachtúlachta díolacháin a sheachadadh ar fud na hEorpa.

## Infheistíochtaí suntasacha in Éirinn in 2011

Bhunaigh **Quest Software** a ionad Oibríochtaí Idirnáisiúnta Gnó i gCorcaí, áit a bhfuil breis agus 150 duine fostaithe agus tá siad i mbun bailchríoch a chur ar thógáil an champais faoi láthair agus é beartaithe acu bogadh isteach ann roimh dheireadh na bliana 2012.

D'fhógair **Twitter** go mbeadh a cheanncheathrú idirnáisiúnta lonnaithe i mBaile Átha Cliath.

Tá **Valeo** i mbun forbairt ollmhór agus clár TF&N ag oibríocht Valeo Vision Systems (VVS) i dTuaim, forbairt a bhfuil infheistíocht €17 milliún i gceist leis agus cruthófar suas le 100 post ardoilte as seo go ceann trí bliana. Beidh an infheistíocht seo dírithe ar TF&N agus déantúsaíocht ardluacha.

Ghnóthaigh **Amgen** áis déantúsaíochta Pfizer atá lonnaithe i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath. Coinníodh thart ar 280 ról de bhrí go bhfuil sé beartaithe ag an gcuideachta fostaithe a choimeád. Tá tús curtha leis an obair thógála ar fhorbairt suntasach**.**

D'oscail **Biotrin** áis Taighde, Forbartha agus Déantúsaíochta i mBaile Átha Cliath go hoifigiúil. Ciallóidh an áis nua go mbeifear in ann leanúint le gníomhaíocht T&F agus forbairt na hacmhainne déantúsaíochta. Táthar ag súil go gcruthóidh an tionscadal seo suas le 40 post ardluacha sna blianta beaga amach romhainn rud a chiallóidh go mbeidh breis agus 100 duine fostaithe san áis.

Chruthaigh **EA/Bioware** 200 post nua nuair a osclaíodh ionad seirbhíse do chustaiméirí i sa Ghaillimh.

D'fhógair **JRI-America Inc.**, fochuideachta den chuideachta seirbhísí airgeadais Seapánach, Sumitomo Mitsui Financial Group, pleananna Oibríocht Forbairt Bogearraí & Tacaíocht Dhomhanda a bhunú i dTrá Lí, Co. Chiarraí. Tá an áis seo oscailte agus d'fhéadfaí suas le 100 post ardoilte a chruthú ann sna cúig bliana amach romhainn. Tacóidh oibríocht Thrá Lí le hoibríochtaí TF an ghrúpa sa Leathsféar Theas, sna Stáit Aontaithe, sa Ríocht Aontaithe, i Dubai agus margaí eile a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.

D'fhógair **Prometric** plean fadtréimhseach teicneolaíochtaí nua a bhunú agus breis agus 100 post le tacú le tionscnaimh dhomhanda forbartha tástála i nDún Dealgan. Cuirfidh an oibríocht nua in Éirinn le hoibríochtaí reatha sna Stáit Aontaithe, san India agus sa tSeapáin agus, nuair a bheidh críoch curtha leo, beidh lucht oibre Prometric anseo beagnach dúbailte acu.

D'infheistigh **AMS** €4.6 milliún agus tá sé beartaithe aige 50 post a chruthú trí áis déantúsaíochta a fhorbairt i mBaile Átha Luain.

D'fhógair **Analog Devices** go gcuirfidh sé tús le clár infheistíochta T&F ar fiú €50 milliún é ag a champas sa Ráithín, Co. Luimnigh.

D'oscail **Gilt Groupe** ionad Idirnáisiúnta Tacaíochta do Chustaiméirí agus Seirbhísí Comhroinnte i Luimneach, agus Ionad Forbartha Bogearraí i mBaile Átha Cliath.

D'fhógair **Covidien** go dtabharfaidh sé faoi shé thionscadal taighde agus forbartha i gcomhpháirt le háiseanna na cuideachta sa Ghaillimh agus i mBaile Átha Luain, tionscadail arb ionann iad agus infheistíocht sa bhreis ar €25 milliún.

Chuir **Bausch and Lomb** lena thiomantas do réigiún an Oirdheiscirt trí infheistíocht €72 milliún a dhéanamh ina oibríocht déantúsaíochta cúram súl i bPort Láirge. Ba é a bhí mar thoradh ar an infheistíocht seo 100 post tógála a chruthú a chabhraigh leis an 1,000 post atá sa chuideachta cheana féin a dhaingniú.


D'oscail **MSD** ionad nua cógaisíochta T&F go hoifigiúil i mBaile Uí Dhiana, Co. Thiobraid Árann. Tá infheistíocht bhreise €6 milliún á pleanáil cheana féin chun an áis a fhorbairt agus acmhainn bhreise a sholáthar.

**D'fhógair Carefusion** 35 post nua ag a ionad feabhais déantúsaíochta i nGort, Co. na Gaillimhe.

D'infheistigh **Harmac** i bhforbairt 12,000 troigh cearnach ina áis i gCo. Ros Comáin agus cruthófar 100 post nua sna cúig bliana amach romhainn a chiallóidh go mbeidh 282 duine ar fad fostaithe ann.

D'fhógair **Pivot** go n-osclóidh sé Ionad Seirbhísí Comhroinnte. Bunaithe i sa Ghaillimh, cruthóidh Seirbhísí Comhroinnte Pivot foireann ardoilte, ag cruthú 25 post in 2011 agus suas le 75 post breise in 2012.

# Staitisticí



## TÁSCAIRÍ IDA IRELAND

| Táscaire | Luach 2011 |
|---|---|
| Líon na nInfheistíochtaí Faofa | **148** |
| Líon na dTionscadal Úrnua | **61** |
| Líon na dTionscadal Leathnaithe | **46** |
| Líon na dTionscadal Taighde, Forbartha & Nuálaíochta | **41** |
| % na nInfheistíochtaí Lonnaithe Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus Corcaigh | **28%** |
| % na bPost Faofa Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus Corcaigh | **27%** |
| % na bPost Faofa le Tuarastail os cionn €35,000 | **69%** |
| Meán-Tuarastal in Infheistíochtaí Nua | **€45,000** |
| Infheistíocht i dTionscadail Taighde, Forbartha & Nuálaíochta | **€700m** |
| Íocaíochtaí Cáin Chorparáide Bliantúla de chuid Cliantchuideachtaí IDA | **€2.8bn***|
| Líon na gcliantchuideachtaí IDA ag infheistiú níos mó ná €100,000 sa bhliain in T&F | **271** |

**Nóta:** *Tagraíonn sonraí um Cháin Chorparáide don bhliain 2010.

## TIONCHAR EACNAMAÍOCH NA GCUIDEACHTAÍ Á DTACÚ AG IDA IRELAND

| **EARNÁLACHA UILE** | **2010 €bn** |
|---|---|
| **Táscaire** | |
| **Díolachán** | **113.952** |
| **Easpórtálacha** | **110.292** |
| **Caiteachas Díreach i nGeilleagar na hÉireann** | **16.133** |
| as sin: | |
| Costais Phárolla | 6.874 |
| Ábhair Éireannacha | 1.538 |
| Seirbhísí Éireannacha | 7.721 |
| **Caiteachas Díreach mar % de Dhíolachán** | **14.2%** |

**Foinse:** Bunaithe ar Shuirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch, á chomhordú ag Forfás agus á riar ag Insight Statistical Consulting.

**Nóta 1:** Tá an suirbhé seo bunaithe ar chuideachtaí seirbhísí trádála déantúsaíochta agus idirnáisiúnta a bhfuil breis agus 10 bhfostaí nó níos mó acu (níl cuideachtaí arna rialú ag seirbhísí airgeadais san áireamh).

**Nóta 2:** Tá na torthaí bunaithe ar chuideachtaí a d'fhreagair an suirbhé in 2011 (figiúr comhiomlán d'fhonn neamhfhreagróirí a léiriú freisin). D'fhéadfadh na torthaí a bheith éagsúil ó meastacháin a rinneadh roimhe seo mar gheall ar athbhreithnithe déanta ag cuideachtaí agus difríochtaí sa bhonn freagróirí ó thréimhse suirbhé amháin go dtí tréimhse eile.

## COSTAS IDA IRELAND IN AGHAIDH AN PHOIST AG COTHÚ BUANPHRAGHSANNA 2011

| | 1996-2002 | 1997-2003 | 1998-2004 | 1999-2005 | 2000-2006 | 2001-2007 | 2002-2008 | 2003-2009 | 2004-2010 | 2005-2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IDA Ireland (€) | **18,989** | **18,665** | **16,569** | **14,574** | **13,226** | **13,222** | **12,807** | **14,124** | **14,252** | **14,202** |

**Foinse:** Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2011 de chuid Forfás
**Nóta:** Déantar an costas do gach post a áireamh trí chaiteachas uile IDA Ireland a chur san áireamh i gcomhthéacs na ngnólachtaí uile sa tréimhse ríofa. Ní hiad ach poist a cruthaíodh le linn agus a cothaíodh go dtí deireadh gach tréimhse seacht mbliana atá san áireamh sna ríomhanna.

## BUNÚS NA gCUIDEACHTAÍ Á dTACÚ AG IDA IRELAND IN 2011

| Bunús | Líon na gCuideachtaí | Fostaíocht Iomlán* |
|---|---|---|
| Na Stáit Aontaithe | **515** | **106,797** |
| An Ghearmáin | **96** | **9,881** |
| An Ríocht Aontaithe | **91** | **6,131** |
| An Fhrainc | **41** | **3,926** |
| An chuid eile den Eoraip | **171** | **12,782** |
| An chuid eile den Domhan | **90** | **6,361** |
| **Iomlán** | **1,004** | **145,878** |

**Foinse**: Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2011 de chuid Forfás
**Nóta:** *Áirítear fostaithe buan, páirtaimseartha agus sealadach.

## IOMLÁN NA FOSTAÍOCHTA DE RÉIR RÉIGIÚIN I gCUIDEACHTAÍ Á dTACÚ AG IDA IRELAND

| Ceantar / Réigiún | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | % athrú 2010/2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **AN TEORAINN** | | | | | | |
| Iarthuaisceart/Dún na nGall | **5,224** | **5,323** | **5,249** | **5,101** | **5,306** | **+4.0%** |
| Oirthuaisceart | **3,570** | **3,361** | **3,028** | **2,838** | **2,917** | **+2.8%** |
| **IARTHAR & LÁR-IARTHAR** | | | | | | |
| Iarthar | **15,493** | **14,468** | **13,405** | **13,815** | **15,590** | **+12.8%** |
| Lár-Iarthar | **12,813** | **11,208** | **8,166** | **7,962** | **8,121** | **+2.0%** |
| **LÁR TÍRE & OIRTHEAR** | | | | | | |
| Lár Tíre | **5,612** | **5,585** | **4,897** | **4,572** | **4,624** | **+1.1%** |
| Oirthear | **73,835** | **72,966** | **66,345** | **67,216** | **71,196** | **+5.9%** |
| **DEISCEART** | | | | | | |
| Iardheisceart | **25,951** | **26,095** | **24,189** | **25,607** | **26,512** | **+3.5%** |
| Oirdheisceart | **13,451** | **13,508** | **12,892** | **12,649** | **11,612** | **-8.2%** |
| **IDA IRELAND** | **155,949** | **152,514** | **138,171** | **139,760** | **145,878** | **+4.4%** |

**Foinse**: Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2011 de chuid Forfás
**Nóta:** Áirítear fostaithe buan, páirtaimseartha agus sealadach.

## FOSTAÍOCHT I GCUIDEACHTAÍ Á DTACÚ AG IDA IRELAND IN 2011

| | 2011 |
|---|---|
| Gnóthachain Phoist Lánaimseartha | **11,594** |
| Méadú i bhfostaíocht eile (fostaíocht pháirtaimseartha, sealadach agus conartha) | **1,474** |
| **Iomlán** | **13,068** |

**Foinse:** IDA Ireland 2011

## FOSTAÍOCHT I GCUIDEACHTAÍ Á DTACÚ AG IDA IRELAND

| | 2010 | 2011 |
|---|---|---|
| Fostaíocht iomlán | **139,760** | **145,878** |
| Glanathrú i bhfostaíocht iomlán | **1,589** | **6,118** |
| % Glanathrú | **1.2%** | **4.4%** |

**Foinse:** Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2011 de chuid Forfás
**Nóta:** I bhfostaíocht eile áirítear fostaithe páirtaimseartha, sealadach agus conartha gearrthéarmaigh.

## FOSTAÍOCHT IOMLÁN DE RÉIR EARNÁLA I GCUIDEACHTAÍ Á DTACÚ AG IDA IRELAND

| **Earnáil** | **2007** | **2008** | **2009** | **2010** | **2011** | **% Athrú 2010/2011** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cógaisíocht | 23,208 | 22,761 | 21,399 | 21,147 | **20,992** | **-0.7%** |
| Trealamh Ríomhaireachta, Leictreonach & Optúil | 18,480 | 17,411 | 15,138 | 15,608 | **16,189** | **+3.7%** |
| Soláthairtí & Ionstraimí Leighis/Fiaclóireachta | 23,232 | 22,563 | 22,650 | 22,026 | **23,167** | **+5.2%** |
| Miotail & Innealtóireacht | 15,571 | 14,524 | 11,083 | 10,742 | **10,593** | **-1.4%** |
| Tionscal Ilghnéitheach | 7,853 | 7,639 | 6,448 | 6,223 | **6,249** | **+0.4%** |
| Seirbhísí Airgeadais & Idirnáisiúnta (Bogearraí san áireamh) | 67,605 | 67,616 | 61,453 | 64,014 | **68,688** | **+7.3%** |
| **Iomlán** | 155,949 | 152,514 | 138,171 | 139,760 | **145,878** | **+4.4%** |

**Foinse:** Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2011 de chuid Forfás
**Nóta:** Tá earnálacha á sainiú ag cód NACE, atá ar an rangú staitistiúil caighdeánach i ndáil le gníomhaíochtaí eacnamaíocha san AE.

# Rialachas Corparáideach



# Bord 2011

Feidhmíonn an Bord de réir na bprionsabal dea-chleachtais um rialachas corparáideach agus de réir na dtreoirlínte atá leagtha amach sa 'Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit' arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais, ina chuid gníomhaíochtaí féin agus san úsáid a bhaineann sé as coistí araon.

Tá sé freagrach as straitéis agus beartais ghinearálta na heagraíochta a bhunú agus a mhaoirsiú. Déanann sé na feidhmeanna seo go díreach agus trí oibriú Choistí Boird fócasaithe. Is í an fhoireann bainistíochta feidhmiúcháin atá freagrach as an straitéis agus an beartas a chur chun feidhme.

Tá údarás reachtúil ag an mBord cúnamh deontais a fhaomhadh bunaithe ar na leibhéil atá sonraithe sna hAchtanna um Fhorbairt Tionscail agus cúnamh deontais a mholadh sa bhreis ar na leibhéil atá sonraithe don Rialtas.

De réir na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, soláthraíonn Comhaltaí Boird IDA Ireland Ráiteas Leasa don Rúnaí agus don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. I gcomhréir leis an 'gCód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit', cloíonn IDA Ireland go hiomlán le treoirlínte an Rialtais i ndáil le táillí a íoc le Comhaltaí Boird.

### LIAM O'MAHONY

- Cathaoirleach, IDA Ireland
- Cathaoirleach, Smurfit Kappa cpt
- Stiúrthóir agus iar-Phríomhfheidhmeannach Grúpa um CRH Cpt (scortha Nollaig 2011)
- Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin, PM Group

### LIONEL ALEXANDER

- Leasuachtarán agus Stiúrthóir Bainistíochta, Printhead Operations ISB/IPG
- Leasuachtarán agus Stiúrthóir Bainistíochta, Hewlett-Packard (Manufacturing) Teo.

### LORETTA BRENNAN GLUCKSMAN

- Cathaoirleach, Ciste Meiriceánach na hÉireann
- Cathaoirleach, Glucksman Ireland House, Ollscoil Nua-Eabhrac

### BERNARD COLLINS

- Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin, Irish Life & Permanent Group Holdings
- Cathaoirleach, VHI um Chúram Sláinte
- Stiúrthóir ar roinnt cuideachtaí um fheistí leighis
- Iar-Leasuachtarán Oibríochtaí Idirnáisiúnta agus Stiúrthóir an Bhoird Idirnáisiúnta, Boston Scientific Corporation

### PAUL DUFFY

- Leasuachtarán Oibríochtaí, Aonad Oibriúcháin um Chúram Príomhúil/Oinceolaíocht, Pfizer Ireland Pharmaceuticals

### HENRY MCGARVEY

- Leasuachtarán agus Stiúrthóir Bainistíochta, Pramerica Systems Ireland Teo.

### HEATHER ANN MCSHARRY

- Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin, Banc na hÉireann (scortha Meitheamh 2011)
- Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin, Institiúid na Stiúrthóirí
- Cathaoirleach, Bord Iontaobhaithe do Chiste Pinsin Foirne Bhanc na hÉireann
- Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin, Ergonomics Solutions Teo (RA)

### BARRY O'LEARY

- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, IDA Ireland
- Comhalta Boird, Forfás

### GERARD O'MAHONEY

- Comhpháirtí, Airgeadas Corparáideach, Deloitte and Touche

### AN TOLLAMH TERRI SCOTT

- Uachtarán, Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach

### MARTIN SHANAGHER

- Rúnaí Cúnta, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

### JOHN O'BRIEN

- Rúnaí

Athcheapadh Gerard O'Mahoney chuig an mBord ar an 8ú Feabhra 2011. Ceapadh Paul Duffy chuig an mBord ar an 8ú Feabhra 2011. Chuaigh Terri Scott agus Bernard Collins ar scor ag deireadh na bliana 2011, ar aon dul le gnáthphróiseas scoir uainíochta. Ceapadh Alan Gray agus Mary Campbell chuig an mBord ar an 25ú Eanáir 2012. D'imigh John O'Brien ar scor mar Rúnaí ag deireadh mhí Feabhra 2012. Glacadh le Deirdre Lyons mar Rúnaí ar an mBord ar an 7ú Márta 2012. Ceapadh Peter Cassells chuig an mBord ar an 25ú Bealtaine 2012.

## TINREAMH NA GCOMHALTAÍ BOIRD AG CRUINNITHE BOIRD IN 2011 (13 chruinniú in 2011)

| Comhaltaí Boird | Tinreamh | Comhaltaí Boird | Tinreamh |
|---|---|---|---|
| Liam O'Mahony, **Cathaoirleach** | 13 chruinniú | Heather Ann McSharry | 12 chruinniú |
| Lionel Alexander | 11 chruinniú | Barry O'Leary | 13 chruinniú |
| Loretta Brennan Glucksman | 9 gchruinniú | Gerard O'Mahoney | 11 chruinniú |
| Bernard Collins | 9 gchruinniú | An tOllamh Terri Scott | 10 gchruinniú |
| Paul Duffy | 6 chruinniú | Martin Shanagher | 13 chruinniú |
| Henry McGarvey | 12 chruinniú | | |

# Coistí an Bhoird 2011

## COISTE INIÚCHTA, AIRGEADAIS AGUS RIOSCA

Ag cuidiú agus ag tacú leis an mBord i ndáil lena fhreagrachtaí dlíthiúla agus cuntasaíochta a chomhlíonadh; ag cumarsáid le hiniúchóirí seachtracha agus ag measúnú agus rialú an fheidhm iniúchta inmheánaí; ag déanamh athbhreithnithe ar phleanáil airgeadais agus ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais. Déanann sé maoirseacht freisin ar chur chun feidhme beartais riosca na heagraíochta lena n-áirítear forbairt a chláir riosca agus monatóireacht ar shocruithe buiséadaithe agus baincéireachta.

**COMHALTAÍ**

Bernard Collins (Cathaoirleach)
Heather Ann McSharry
Loretta Brennan Glucksman
Martin Shanagher

## COISTE LUACH SAOTHAIR AGUS FORBAIRT BHAINISTÍOCHT

Ag déanamh athbhreithnithe ar fheidhmíocht na foirne bainistíochta sinsearaí agus ag pleanáil don fhorbairt agus comharbas bainistíochta. Déanann an Coiste athbhreithniú freisin ar luach saothair na bainistíochta sinsearaí i gcomhthéacs threoirlínte an Rialtais.

**COMHALTAÍ**

Liam O'Mahony (Cathaoirleach)
Lionel Alexander
Loretta Brennan Glucksman
Bernard Collins
Barry O'Leary

## COISTE INFHEISTÍOCHTA

Ag déanamh athbhreithithe ar thograí um chúnamh deontais agus, faoi na cumhachtaí tarmligthe ag an mBord, déantar deontais suas le huasmhéid €1.5 milliún a fhaomhadh.

**COMHALTAÍ**

Martin Shanagher (Cathaoirleach)
Paul Duffy
Barry O'Leary
Gerard O'Mahoney

## COISTE RÉADMHAOINE

Ag déanamh athbhreithnithe ar bheartas i ndáil le maoiniú, soláthar, cothabháil agus diúscairt réadmhaoine, déantar nósanna imeachta a fhaomhadh maidir le tairiscint agus bronnadh conarthaí agus déantar caiteachas/díolachán suas le €5 mhilliún a fhaomhadh.

**COMHALTAÍ**

Terri Scott (Cathaoirleach)
Lionel Alexander
Henry McGarvey
Barry O'Leary

## COISTE NIBRT

Ag déanamh athbhreithnithe ar dhul chun cinn i ndáil le tionscadal infheistíochta na hInstitiúide Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bhithphróiseála (NIBRT) d'fhonn a chinntiú go bhfuil sé á sheachadadh de réir na gcuspóirí agus na gcoinníollacha atá faofa ag Bord an IDA.

**COMHALTAÍ**

Gerard O'Mahoney (Cathaoirleach)
Paul Duffy
Henry McGarvey
Heather Ann McSharry

# Rialachas Corparáideach

Is gníomhaireacht reachtúil uathrialach é IDA Ireland a bunaíodh faoi na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1986 - 2009. Feidhmíonn an Ghníomhaireacht i gcomhréir le forálacha na nAchtanna agus faoi choimirce an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, a bhfuil sé de chumhacht aige cistí a sholáthar chun a cuid oibleagáidí a chur i gcrích agus treoracha ginearálta beartais/eolas a lorg faoi ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.

Cé gurb é an príomhfhoinse rialachais chorparáidigh do IDA Ireland na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail, tá dualgas ar an nGníomhaireacht freisin cloí le raon riachtanas reachtúil (náisiúnta agus AE) agus riaracháin eile. Dearbhaíonn IDA Ireland go bhfuil a chuid oibleagáidí comhlíonta aige maidir leis na riachtanais seo ar fad. Tá na nósanna imeachta seo a leanas, ach go háirithe, i bhfeidhm aici d'fhonn géilliúlacht do riachtanais shonracha a chinntiú.

## 1 RIACHTANAIS GHINEARÁLTA RIARACHÁIN AGUS BEARTAIS

Ar leibhéal náisiúnta, oibríonn IDA Ireland i gcomhar le hoifigigh na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus oifigigh ó Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit eile, chun a cuid cuspóirí a chur chun cinn agus a chinntiú go bhfuil riachtanais reachtúla, riaracháin agus Aireachta/Rialtais á gcomhlíonadh. Ar leibhéal áitiúil, oibríonn an Ghníomhaireacht le hÚdaráis Áitiúla, Forais Oideachais, Gníomhaireachtaí Stáit eile agus réimse leathan Eagraíochtaí Áitiúla/Ionadaithe Poiblí chun an timpeallacht áitiúil atá riachtanach chun infheistíocht nua a mhealladh a fhorbairt. Tá IDA Ireland ag leanúint le cur chun feidhme treoir beartais eisithe ag an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta ar an 18ú Nollaig 2006, ina sonraítear an méid seo a leanas:

> I mí na Nollag 2005, ghlac an Coimisiún Eorpach le Treoirlínte um Chúnamh Réigiúnach nua don tréimhse 2007- 2013. Lena chois sin, táthar tar éis glacadh freisin le Rialachán Blocdhíolúine don chúnamh réigiúnach, rud a chiallaíonn gur féidir scéimeanna um chúnamh réigiúnach a fheidhmiú gan cead a fháil roimh ré ón gCoimisiún Eorpach. D'fhonn cloí leis na riachtanas a eascraíonn ó na Treoirlínte nua agus ón Rialachán Blocdhíolúine, táthar tar éis Rialacháin Riaracháin nua maidir le scéimeanna um chúnamh réigiúnach don Fhorbairt Tionscail don tréimhse 2007 go 2013 a chur i gcrích freisin.

Soláthraíonn IDA Ireland deontais taighde agus forbartha freisin i gcomhréir le Creatchlár an Chomhphobail um Chúnamh Stáit do Thaighde agus Forbairt agus Nuálaíocht 2006.

## 2 CÓD CLEACHTAIS UM RIALACHAS COMHLACHTAÍ STÁIT

Cloíonn IDA Ireland go hiomlán leis an gCód Cleachtais seo agus dearbhaítear a géilliúlacht i ndáil leis na hAilt seo a leanas ach go háirithe:

Ailt 7 & 13: Arna chomhlíonadh ag Cathaoirleach an Bhoird i litir ar leithligh tugtha don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Ailt 13.1 & 13.1 (iii): Tá córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais á chothú agus á fheidhmiú ag an nGníomhaireacht (Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais, Leathanach 22).

Alt 13.1 (v): Tá sé tugtha faoi deara againn sna Ráitis Airgeadais gur íocadh €75,000 i ndáil le híocaíochtaí fadseirbhíse agus aitheantais. I ndiaidh comhairliúcháin leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, táthar tar éis deireadh a chur anois le híocaíochtaí fadseirbhíse agus aitheantais. Tá gach gné eile de bheartas an Rialtais a bhaineann le pá na bPríomhfheidhmeannach agus fostaithe comhlachtaí Stáit á gcomhlíonadh (Nótaí leis na Ráitis Airgeadais, leathanach 30 agus Bord 2011, leathanach 15).

Ailt 2.12, 2.14 & 2.15: Tá Bord IDA Ireland tar éis glacadh le straitéis Horizon 2020. Lena chois sin, tá an Bord tar éis próisis a bhunú d'fhonn phleanáil chorparáideach fhónta a chinntiú, s.rl., de réir mar a éilítear sna hailt seo (Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais, leathanach 22, agus Bord 2011, leathanach 15).

Alt 13.1 (x): Léiríonn nósanna imeachta taistil IDA Ireland riachtanais um beartas taistil an Rialtais agus táthar ag cloí leis na nósanna imeachta sin.

Alt 19.2: Dearbhaíonn Cathaoirleach an Bhoird, sa litir ar leithligh tugtha don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, go bhfuil IDA Ireland tar éis cloí lena cuid oibleagáidí de réir an dlí cánach.

Tá na scéimeanna agus na cláir arna riar ag IDA Ireland i gcomhréir leis an reachtaíocht a rialaíonn oibriú na Gníomhaireachta agus tá córais bhainistíochta riosca ábhartha i bhfeidhm.

## 3 RÁITEAS NA GCOIMISINÉIRÍ IONCAIM AR CHLEACHTAS SP-IT/1/04 AR CHÓIREÁIL CÁNACH UM LUACH SAOTHAIR NA GCOMHALTAÍ STÁIT AGUS NA MBORD AGUS NA GCOISTÍ STÁIT-URRAITHE

Cloíonn IDA Ireland go hiomlán leis an Ráiteas Cleachtais seo.

## 4 TREOIRLÍNTE MAIDIR LE LUACHÁIL AGUS BAINISTIÚ NA DTOGRAÍ CAITEACHAIS CHAIPITIL

Tá nósanna imeachta láidre bunaithe le fada ag IDA Ireland i ndáil le Luacháil agus Bainistiú na dTionscadal Caiteachais Chaipitil a eascraíonn ó chláir na nDeontas Caipitil nó Réadmhaoine. Tá na prionsabail atá sonraithe sna Treoirlínte do Luacháil agus Bainistiú na dTograí Caiteachais Chaipitil á gcomhlíonadh ag na nósanna imeachta seo.

## 5 NA HACHTANNA UM CHOMHIONANNAS FOSTAÍOCHTA, 1998 AGUS 2004

Tá an comhionannas ar thosaíocht bhunaithe do IDA Ireland. Tá clár oibre forásach comhionannais agus éagsúlachta ag an eagraíocht agus tá tionscnaimh nua á bhforbairt ar bhonn leanúnach. Tá meas ag IDA Ireland ar éagsúlacht agus déanann sí gach iarracht feidhmiú mar fhostóir comhionannais a spreagann obair an duine aonair agus a léiríonn meas ar dhifríochtaí. Chuige seo, tá sí tiomanta do chinntiú nach bhfaighidh aon chomhalta foirne de chuid IDA, nó iarrthóir ar fhostaíocht san IDA, cóir is lú fabhar ná duine ar bith eile ar fhorais inscne, stádais pósta, stádais teaghlaigh, gnéaschlaonta, creidimh, aoise, míchumais, cine, nó toisc gur den lucht siúil iad nó ar aon fhorais eile nach mbaineann le dea-chleachtas fostaíochta. Baineann sé seo le hearcaíocht, coinníollacha oibre agus deiseanna forbartha.

Tá IDA tiomanta do thimpeallacht chothromaithe oibre/saoil a chothú agus a fhorbairt don fhoireann trí chéile.

# Rialachas Corparáideach (Ar lean)

### 6 AN TACHT UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR, 2005

Déanann an tAcht seo, a tháinig in áit fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas, 1988, comhdhlúthú agus nuashonrú ar an dlí eiseach. Leanann IDA Ireland le bearta oiriúnacha a ghlacadh de láimh chun sábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí agus cuairteoir laistigh dá hoifigí agus ar mhaithe le forálacha an Achta seo a chomhlíonadh. Baineann sé seo leis na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004.

### 7 AN TACHT UM PÁIRTEACHAS LUCHT OIBRE (FIONTAIR STÁIT), 1988

Tá struchtúir chomhairleacha ag oibriú go héifeachtach in IDA Ireland agus is gné aitheanta iad de struchtúr cumarsáide agus comhairleach na heagraíochta. Glacann an bhainistíocht agus an fhoireann araon leis an gComhchoiste Comhairleach mar phróiseas dearfach. Ina theannta sin, tá socrú breise comhpháirtíochta bunaithe leis na Ceardchumainn chun gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gComhaontú Náisiúnta 'I dTreo 2016' a bhrú chun cinn.

### 8 AN TACHT UM EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ, 1995 AGUS AN TACHT UM CHAIGHDEÁIN IN OIFIGÍ POIBLÍ, 2001

I gcomhréir leis na hAchtanna anseo thuas, tá ráitis leasa a chloíonn le forálacha na nAchtanna comhlánaithe ag Comhaltaí Boird agus comhaltaí foirne IDA Ireland a bhfuil poist ainmnithe ina seilbh acu.

### 9 NA HACHTANNA UM SHAORÁIL FAISNÉISE, 1997 AGUS 2003

Cloíonn IDA Ireland leis na hAchtanna seo. Ba chóir iarratais le haghaidh faisnéise faoi na hAchtanna a sheoladh chuig an bhFeidhmeannach um Shaoráil Faisnéise, IDA Ireland, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.

### 10 ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH

I gcloí le meamram an Rialtais ó mhí an Mheithimh 2001, úsáideann IDA Ireland prionsabail an 'dea-chleachtais' i gcónaí i ndáil le dearadh, pleanáil agus tógáil foirgneamh oifige agus déantúsaíochta ina Pháirceanna Gnó agus Teicneolaíochta. Chomh maith leis sin, tá prionsabail an 'dea-chleachtais' a gcomhlíonadh ag oifigí an IDA sna réigiúin ar fad. Tá na hoifigí i mBaile Átha Cliath á mbainistiú ag Forfás.

### 11 (I) ÍOC PRAS CUNTAS

Leasaíodh an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 (an tAcht), a tháinig i bhfeidhm ar 2ú Eanáir 1998, ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Tá an bhainistíocht sásta gur ghéill IDA Ireland le forálacha an Achta i ngnéithe ábhartha uile.

### (II) ÍOCAÍOCHT PHRAS NA SOLÁTHRAITHE

Tá IDA Ireland tiomanta dá hoibleagáidí faoin Riail Íoc Pras 15 lá a chomhlíonadh, riail a cuireadh i bhfeidhm ar an 1ú Iúil 2011.

Cinntíonn an fhoráil seo go ndéanfar íocaíochtaí le soláthraithe i ndáil le gach sonrasc bailí faighte laistigh de 15 lá féilire.

Tuairiscíonn IDA Ireland ar bhonn ráithiúil sa chuid um 'Rialachas Corparáideach' [Corporate Governance] den láithreán gréasáin ar chur chun feidhme na Rialach Íoc Pras 15 lá.

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### gNÍOMHAIREACHT FORBARTHA TIONSCAIL (ÉIRE)

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha Tionscail (Éire) don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 faoin Acht um Fhorbairt Tionscail 1993. Áirítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na mbeartas cuntasaíochta dá dtagraítear iontu, na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Oibriúcháin, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Tá an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh le linn na ráiteas airgeadais a bheith á n-ullmhú de réir an dlí is infheidhme agus ag teacht leis an gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn.

### FREAGRACHTAÍ BHORD NA gNÍOMHAIREACHTA

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, a chinntiú go dtugann siad tuairisc fhíor agus chothrom ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta agus ar a hioncam agus a caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

### FREAGRACHTAÍ AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Tá sé d'fhreagracht orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Cuirtear m'iniúchadh i gcrích le tagairt do na breithnithe speisialta a ghabhann le bainistiú agus le feidhmiú comhlachtaí Stáit.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

### SCÓIP AN INIÚCHTA AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a ghnóthú faoi na suimeanna agus na nochtaí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé an mar gheall ar chalaois nó earráid é. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta feiliúnach do chúinsí na Gníomhaireachta, agus an bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochta go himleor
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. I also seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit.

Chomh maith leis sin, déanaim iarracht fianaise a ghnóthú maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh iniúchta.

Ina theannta sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais uile atá sa Tuarascáil Bhliantúil ar mhaithe le haon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thugaim aon mhíráitis nó neamhréireachtaí dealraitheacha ábhartha faoi deara, déanaim mo mhachnamh ar na himpleachtaí a bheadh ag a leithéid ar mo thuairisc féin.

### TUAIRIM AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais, atáthar tar éis a ullmhú go cuí de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a Ghlactar leis Go Coitianta in Éirinn, tuairisc fhíor agus chothrom ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta ar an 31 Nollaig 2011 agus ar a hioncam agus a caiteachas don bhliain dar críoch ansin.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí coimeádta ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

### NITHE A dTUAIRISCÍM DE RÉIR EISCEACHTA ORTHU


**Tuairiscím de réir eisceachta sna cásanna seo a leanas**

- mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim dom' iniúchadh faighte agam, **nó**
- má tógadh faoi deara i gcaitheamh m'iniúchadh nach raibh airgead á úsáid chun na críocha a leagadh síos ina leith nó sa chás nár ghéill idirbhearta do na húdaráis a bhí á rialú, **nó**
- mura bhfuil an fhaisnéis a tugtar i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta don bhliain inar ullmhaíodh na ráitis airgeadais comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, **nó**
- má léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais géilliúlacht na Gníomhaireachta don Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, **nó**
- sa chás gur léir dom gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a dtuairiscítear de réir eisceachta orthu.

**Gerard Smyth**
Le haghaidh agus thar ceann an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
*24 Bealtaine 2012*

# Ráitis Airgeadais



# Ráiteas ar Fhreagrachtaí ag Comhaltaí Boird

**Bunaíodh an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (IDA) ar 1 Eanáir 1994 mar ghníomhaireacht de chuid Forfás (an bord um beartas agus chomhairle don fhorbairt tionsclaíoch in Éirinn) faoi fhorálacha an Achta um Fhorbairt Tionscail, 1993.**

Éilíonn Mír 7(2) den Chéad Sceideal leis an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993 ar an nGníomhaireacht gach cuntas cuí agus gnách i ndáil leis an t-airgead a fuarthas agus a caitheadh a choinneáil, ina leithéid d'fhoirm a d'fhéadfadh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta a fhaomhadh le comhthoil an Aire Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe. In ullmhú na gcuntas sin, éilítear ar an mBord:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás gur míchuí a thoimhdiú go leanfaidh an Ghníomhaireacht i mbun feidhme;
- aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais na Gníomhaireachta agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcloíonn na Ráitis Airgeadais le Mír 7(2) den Chéad Sceideal leis an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní uile na Gníomhaireachta a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh de láimh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

**Thar ceann an Bhoird:**

**Liam O'Mahony**
Cathaoirleach

**Barry O'Leary**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

**Heather Ann McSharry**
Cathaoirleach
Coiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann an Bhoird de chuid IDA Ireland, aithním ár bhfreagracht as a chinntiú go gcoinníonn agus go bhfeidhmíonn an Ghníomhaireacht córas éifeachtúil um rialú inmheánach airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú lán dearfach a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha coiscthe nó go n-aithneofaí iad in am tráthúil.

Tá céimeanna glactha de láimh ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:

- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú trí mheán feidhmeanna coistí éagsúla chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint;
- freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainiú agus a dhoiciméadú go soiléir;
- cultúr freagrachta láidir a fhorbairt thar leibhéil uile na heagraíochta.

Tá próisis curtha ar bun ag an mBord freisin chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas. Baintear é seo amach ar roinnt bealaí lena n-áirítear:

- oibriú go dlúth leis an Rialtas agus gníomhaireachtaí agus institiúidí éagsúla d'fhonn a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ar chuspóirí IDA agus tacaíocht do straitéisí na Gníomhaireachta chun na spriocanna sin a bhaint amach;
- athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar phleananna straitéiseacha gearrthéarmacha agus fadtéarmacha agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí i ndáil leis na pleananna sin a thabhairt chun réadúlachta;
- spriocanna bliantúla agus níos fadtéarmaí a leagan do gach réimse dár ngnó á leanúint ag tuairisciú rialta ar na torthaí a bhaintear amach;
- athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar fhorbairtí agus straitéisí inár n-earnálacha gnó;
- bunú agus cur chun feidhme nósanna imeachta caighdeánacha fairsinge faoin bhféadfaí cúnamh airgeadais a chur ar fáil do thionscadail, lena n-áirítear forálacha ag éileamh aisíocaíocht mura gcomhlíonann an tionscadal tiomantais déanta ag an tionscnóir.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach de bhainistíocht faisnéise rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmligin agus freagrachta. Áirítear ann ach go háirithe:

- córas buiséadta cuimsitheach le buiséad bliantúil atá athbhreithnithe agus comhaontaithe ag an mBord;
- athbhreithnithe rialta déanta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamh-mheastacháin;
- spriocanna a leagan chun feidhmíochtaí airgeadais agus eile a thomhas;
- treoirlínte rialaithe um infheistíocht chaipitil sainithe go soiléir;
- disciplíní bainistíochta tionscadail foirmiúla.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh seachfhoinsithe ag IDA Ireland, a thuairiscíonn díreach chuig Coiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca an Bhoird. Tagann an coiste seo le chéile ar bhonn ráithiúil ar a laghad chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha arna n-ullmhú ag an rannóg Iniúchta Inmheánaigh agus rannóga eile. Dá réir sin coinníonn an Coiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca an Bord ar an eolas faoi ábhair a bhfuiltear tar éis breathnú orthu.

Oibríonn an fheidhm iniúchta inmheánaigh i gcomhréir leis an gCreat-Chód Dea-Chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cinneann an Coiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca plean oibre rollach trí bliana um Iniúchadh Inmheánach agus déantar athbhreithniú air ar bhonn bliantúil de réir mar is cuí. Tógann an plean oibre reatha aird ar réimsí riosca ionchais a n-aithnítear i gcleachtadh measúnaithe riosca curtha i gcrích ag an mbainistíocht agus athbhreithnithe ag an gCoiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca agus ag an mBord. Soláthraíonn an Iniúchóir Inmheánach an Coiste le tuarascálacha ráithiúla ar thascanna curtha i gcrích. Tarraingíonn na tuarascálacha seo aird ar easnaimh nó laigí, más ann dóibh, sa chórais um rialú inmheánach airgeadais agus ar na bearta ceartaitheacha molta ar cheart a chur i bhfeidhm nuair is cuí.

Faigheann monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais a gcuid eolais ó obair an Iniúchóra Inmheánaigh, an Coiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca, a dhéanann maoirseacht ar obair an Iniúchóra inmheánaigh agus na mbainisteoirí feidhmiúcháin laistigh de IDA Ireland atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú airgeadais.

Dearbhaím maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2011, go ndearna an Bord athbhreithniú ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird



**Liam O'Mahony**
Cathaoirleach
9ú Bealtaine 2012

# Beartais Chuntasaíochta

## 1 Bunús Cuntasaíochta

(a) Táthar tar éis na Ráitis Airgeadais a ullmhú i gcomhréir leis an gcoinbhinsiún costais stairiúil san fhoirm atá faofa ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta le comhthoil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus iad ainmnithe i euro.

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhraithe, seachas nuair a sonraítear sna Beartais Chuntasaíochta. Téann an bhliain airgeadais ó 1 Eanáir go 31 Nollaig.

Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar a bhíonn feidhm leo.

(b) Cuimsíonn Sócmhainní Seasta Inláimhsithe:

(i) Talamh a coimeádtar chun críocha na forbartha tionscail.

(ii) Oibreacha forbartha suímh.

(iii) Foirgnimh tionsclaíocha léasaithe le tionóntaí lena n-áirítear foirgnimh i mbun díolacháin sa chás nach bhfuil an teideal gafa ag deireadh na bliana.

(iv) Réadmhaoin folamh ar fáil do chur chun cinn tionsclaíoch nó i mbun díolacháin sa chás nach bhfuil an teideal gafa ag deireadh na bliana.

(v) Sócmhainní Seasta eile lena n-áirítear mótarfheithiclí, trealamh ríomhaireachta agus oifige, agus fearais agus feistis.

(c) Cuimsíonn Sócmhainní Teileachumarsáide:

Is ionann Sócmhainní Teileachumarsáide agus ceart úsáide dochealaithe sciar sainithe de chuid líonra teileachumarsáide domhanda ar feadh tréimhse 25 bliana ó 2000.

(d) Cuimsítear infheistíochtaí go hiomlán as infheistíochtaí cothromais.

(e) Cuimsíonn Cuntais Infhála méideanna dlite i ndáil le:

(i) Réadmhaoin díolta ar bhonn iarchurtha. Gearrtar ús ar na méideanna seo ag Rátaí Iasachtaí an Státchiste arna moladh ag an Roinn Airgeadais nó ag Ráta Tagartha Lascaine an AE de réir mar is infheidhme.

(ii) Cíosanna dlite faoi théarmaí na gcomhaontuithe léasa, do thréimhsí suas le 35 bliana, déanta idir an Ghníomhaireacht agus tionontaí, muirir le haghaidh úsáide na dtailte neamhfhorbartha agus muirir cothabhála eastáit gearrtha ar thionóntaí.

(iii) Táillí ó roghanna ceannaigh tugtha ar réadmhaoin IDA, éarlaisí íoctha ag IDA chun réadmhaoin a cheannach sa chás nach bhfuiltear tar éis an teideal a thabhairt don Ghníomhaireacht ag 31 Nollaig, agus soláthar seirbhísí eile.

(iv) Méideanna dlite i ndáil le diúscairt nó léasú sócmhainní teileachumarsáide.

(v) Méideanna dlite i ndáil le comhshocruithe.

(vi) Méideanna dlite i ndáil le hiasachtaí tugtha ar aghaidh agus ús ina leith.

(f) Cuimsíonn Cuntais Iníoctha méideanna dlite i ndáil le:

(i) Creidiúnaithe.

(ii) Deontais atá aibithe le haghaidh íocaíochta.

(iii) Éarlaisí do dhíolacháin neamhchomhlíonta.

(g) Cuimsíonn forálacha do dhliteanais agus muirir:

(i) Méideanna soláthartha i ndáil le costais ionchais maidir leis an bhforáil trochluithe um léasanna oibriúcháin.

(ii) Méideanna soláthartha sa chás go bhfuil costais na todhchaí ag eascairt faoi léasanna oibriúcháin measta leis na méideanna in-aisghabhála ó fho-léasaithe a shárú.

(h) Trí mheán meamraim tá Ioncam agus Caiteachas maidir le hidirbhearta Réadmhaoine Tionsclaíoch leagtha amach i Nóta 24 leis na Ráitis Airgeadais.

## 2 Aitheantas Ioncaim

Le hioncam ó dheontais an Oireachtais, aisíocaíochtaí deontais, an Ciste Náisiúnta Oiliúna, infheistíochtaí, Ciste Sóisialta na hEorpa agus Ciste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa, seachas mar a dtagraítear i (5) thíos, léirítear an t-airgead iarbhír a fuarthas.

## 3 Réadmhaoin Tionsclaíoch

Táthar tar éis Readmhaoin Tionsclaíoch san áireamh i sócmhainní seasta inláimhsithe a ghnóthú, a fhorbairt nó a thógáil chun críocha cuidiú le cur chun cinn agus forbairt na tionsclaíochta agus ní ghlactar leo mar réadmhaoin infheistíochta ach ghnáth-shócmhainní seasta.

## 4 Méideanna Anonn, Dímheas agus Forálacha an Bhearnúcháin

(a) Cuimsíonn na méideanna anonn do shócmhainní seasta inláimhsithe, seachas talamh, agus do shócmhainní teileachumarsáide:

Costas stairiúil lúide dímheas carntha agus lúide foráil um bearnúchán na sócmhainní, nuair is infheidhme, chun iarracht a dhéanamh a chinntiú nach sáraíonn luach na sócmhainní anonn sna Ráitis Airgeadais a gcuid méideanna in-aisghabhála measta.

(b) Cuimsíonn na méideanna anonn do Thalamh agus Infheistíochtaí:

Costas stairiúil lúide foráil um bearnúchán na sócmhainní, nuair is infheidhme, chun iarracht a dhéanamh a chinntiú nach sáraíonn luach na sócmhainní anonn sna Ráitis Airgeadais a gcuid méideanna in-aisghabhála measta.

(c) Ríomhtar dímheas d'fhonn díscríobh a dhéanamh ar chostas na sócmhainní lúide, nuair is infheidhme, aon fhoráil bhearnúcháin thar a saolré úsáideach measta. Níl aon fhoráil don dímheas déanta i ndáil le talamh nó infheistíochtaí.

# Beartais Chuntasaíochta (Ar lean)

(d) D'fhéadfaí forálacha um bearnúchán a dhéanamh i ndiaidh athbhreithnithe na sócmhainní seasta, sócmhainní teileachumarsáide agus infheistíochtaí curtha i gcrích ag oifigigh de chuid IDA nó luachálaithe neamhspleácha, mar is cuí, má léiríonn imeachtaí nó athruithe i gcúinsí nó i ndálaí eacnamaíocha nach féidir méid anonn na sócmhainní nó na n-infheistíochtaí a aisghabháil go hiomlán. Aithneofar aon fhorálacha dá leithéid sa Chuntas Oibriúcháin sa bhliain ina ndéantar iad.

Sa chás go léiríonn athbhreithniú níos déanaí nach ann níos mó do na cúinsí as a d'eascair foráil um bearnúchán nó go bhfuil athrú ábharach tagtha orthu, déanfar an fhoráil charntha um bearnúchán a laghdú dá réir.

(e) Áiríonn an costas i ndáil le talamh, forbairt suímh agus réadmhaoin tionsclaíoch cionroinnt na gcostas riaracháin a ghabhann le gnóthú nó forbairt na sócmhainní.

## 5 Ioncam Iarchurtha

Glactar le deontais ó Chiste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa a fuarthas i ndáil le ceannach nó forbairt sócmhainní seasta mar chreidmheas iarchurtha agus déantar iad a amúchadh sa Chuntas Oibriúcháin ar bhonn bliantúil thar saolré eacnamaíoch úsáideach na sócmhainní lena mbaineann siad.

## 6 Cuntasaíocht do Dhrochfhiacha agus d'Fhiacha Amhrasta

Déantar drochfhiacha aitheanta a dhíscríobh agus déantar foráil d'aon mhéid a nglactar leis an mbailiúchán dá chuid a bheith amhrasta.

## 7 Cuntasaíocht d'Infheistíochtaí

Ní léiríonn Ráitis Airgeadais IDA Ireland comhdhlúthú ar thorthaí na gcuideachtaí infheistiúcháin mar toisc go bhfuil gníomhaíochtaí IDA Ireland chomh difriúil sin ó ghníomhaíochtaí na gcuideachtaí infheistiúcháin bheadh a leithéid de chomhdhlúthú neamhréititheach leis an oibleagáid chun tuairim fíor agus cothrom a thabhairt.

## 8 Deontais Iníoctha

Fabhraítear deontais sna Ráitis Airgeadais nuair a chloíonn an deonaí le coinníollacha ordaithe.

## 9 Airgeadra Coigríche

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais a sonraítear in airgeadra coigríche ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dáta an Chláir Chomhardaithe. Aistrítear ioncaim agus costais ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart bunúsach. Déileáiltear sa Chuntas Oibriúcháin le brabúis agus caillteanais ag eascairt ó idirbhearta airgeadra coigríche agus ar imréiteach na méideanna infhála agus iníoctha in airgeadra coigríche.

## 10 Léasanna Oibriúcháin

Déileáltar sna Ráitis Airgeadais leis na cíosanna faoi léasanna oibriúcháin de réir mar atá siad dlite. I gcás réadmhaoin tionsclaíoch ar fáil le cur chun cinn déanann an Ghníomhaireacht foráil, nuair is cuí, le haghaidh íocaíochtaí cíosa na todhchaí.

## 11 Caipiteal

Léiríonn caipiteal cistí a n-úsáidtear le haghaidh gnóthú agus forbairt na réadmhaoine tionsclaíoch, gnóthú sócmhainní seasta eile, sócmhainní teileachumarsáide agus infheistíochtaí le haird á thabhairt ar dhiúscairtí, muirir dímheasa agus, nuair is infheidhme, forálacha um bearnúchán sna méideanna anonn.

## 12 Aoisliúntas

Tá foireann uile IDA Ireland ina bhfostaithe de chuid Forfás agus iad tugtha ar iasacht don Ghníomhaireacht ag Forfás. Éilíonn an reachtaíocht ar Forfás scéimeanna pinsean a ullmhú agus a riar d'fhonn teidlíochtaí pinsin a bhronnadh ar a comhaltaí foirne, lena n-áirítear an fhoireann ar iasacht ag IDA Ireland. Tá Forfás freagrach freisin as riachtanais tuairiscithe pinsean, lena n-áirítear iad siúd leagtha amach faoi FRS 17. Déantar costais luathscoir deonach íoctha go díreach ag IDA Ireland agus ranníocaíochtaí pinsean uile asbhainte ón bhfoireann a áireamh sa Chuntas Oibriúcháin sa tréimhse ina n-eascraíonn siad.

# Cuntas Oibriúcháin

Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2011

| | Nótaí | 2011<br>€'000 | 2010<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | | |
| Deontais Oireachtais | 1 | **133,218** | 130,700 |
| Ciste Náisiúnta Oiliúna | 2 | **3,000** | 3,556 |
| Clár AE - INTERREG 111A | 3 | **326** | 498 |
| Clár Taighde, Teicneolaíochta agus Nuálaíocht (TTN) don Tionscal arna Chómhaoiniú ag an AE & an Státchiste | 4 | **696** | 1,107 |
| Scéim Fhóirdheontais Fhostaíochta | 5 | **-** | 12,413 |
| Aisíocaíochtaí Deontais | | **18,798** | 12,881 |
| Ioncam Cíosa | 6 (a) | **2,006** | 2,556 |
| Lúide Ioncam Cíosa faighte ó chliaint de chuid Fiontraíocht Éireann | 6 (b) | **-** | (15) |
| Ioncam Eile | 7 | **1,172** | 1,467 |
| Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní | 8 | **2,404** | 5,653 |
| | | **161,620** | 170,816 |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Deontais Iníoctha | 9 | **96,757** | 120,339 |
| Caiteachais Chur Chun Cinn, Riaracháin agus Ghinearálta | 10 (a) | **40,091** | 43,583 |
| Muirir Fhoirgnimh Thionsclaíocha | 11 | **7,263** | 7,645 |
| Dímheas agus Muirir Bhearnúcháin | 12 | **50,841** | 53,709 |
| | | **194,952** | 225,276 |
| **GLANEASNAMH OIBRIÚCHÁIN DON BHLIAIN** | | **(33,332)** | (54,460) |
| Ranníocaíocht don Státchiste | 13 (a) | **(176)** | (13,911) |
| Aisíocaíochtaí le Gníomhaireachtaí Stáit Eile | 13 (b) | **(64)** | - |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | **(34,123)** | (13,129) |
| Aistriú ó Chaipiteal | 14 | **48,675** | 47,377 |
| **Iarmhéid ag deireadh na Bliana** | | **(19,020)** | (34,123) |

Baineann na méideanna a dtaispeántar faoi Ioncam agus Caiteachas le gníomhaíochtaí leanúnacha. Níl aon ghnóthachain nó caillteanais aitheanta, seachas iad sin a ndéileáiltear leo sa Chuntas Oibriúcháin.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Bunús Cuntasaíochta, na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 27.

Thar ceann an Bhoird:

**Liam O'Mahony**
Cathaoirleach

**Barry O'Leary**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

**Heather Ann McSharry**
Cathaoirleach
Coiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca

# Clár Comhardaithe

Amhail ag 31 Nollaig 2011

| | Nótaí | 2011<br>€'000 | 2010<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE** | | | |
| Réadmhaoin Tionsclaíoch | 15 | **142,916** | 191,019 |
| Sócmhainní Seasta Eile | 16 | **639** | 1,211 |
| | | **143,555** | 192,230 |
| **INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE** | | | - |
| Sócmhainní Teileachumarsáide | 17 | **-** | - |
| Infheistíochtaí | 18 | **-** | - |
| **IOMLÁN INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE AGUS INLÁIMHSITHE** | | **143,555** | 192,230 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Cuntais Infhála | 19 | **9,900** | 15,504 |
| Airgead tirim sa Bhanc agus ar láimh | | **28,192** | 29,011 |
| | | **38,092** | 44,515 |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | |
| Cuntais Iníoctha | 20 | **(404)** | (8,836) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | **37,688** | 35,679 |
| **INFHÁLTAIS FADTÉARMACHA** | | | |
| Cuntais Infhála: méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | 19 | **380** | 332 |
| **INÍOCAÍOCHTAÍ FADTÉARMACHA** | | | |
| Cuntais Iníoctha: méid dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | 20 | **(22,766)** | (32,767) |
| **FORÁLACHA** | | | |
| Forálacha do Dhliteanais agus Muirir | 21 | **(33,823)** | (36,542) |
| **IONCAM IARCHURTHA** | | | |
| Clár AE INTERREG 111A | 3 | **(499)** | (825) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ** | | **124,535** | 158,107 |
| **AG IONADÚ:** | | | |
| **CAIPITEAL** | 14 | **143,555** | 192,230 |
| **CUNTAS OIBRIÚCHÁIN** | | **(19,020)** | (34,123) |
| | | **124,535** | 158,107 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Bunús Cuntasaíochta, na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 27.

Thar ceann an Bhoird:

**Liam O'Mahony**
Cathaoirleach

**Barry O'Leary**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

**Heather Ann McSharry**
Cathaoirleach
Coiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2011

| | Nótaí | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|---|
| **IMRÉITEACH AN GHLANEASNAIMH OIBRIÚCHÁIN LEIS AN nGLAN-INSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN** | | | |
| Glaneasnamh Oibriúcháin don Bhliain | | **(33,332)** | (54,460) |
| **Dímheas agus Muirir Bhearnúcháin:** | | | |
| - Réadmhaoin Tionsclaíoch | 12 | **50,188** | 52,840 |
| - Sócmhainní Teileachumarsáide & Sócmhainní Seasta Eile | 12 | **653** | 869 |
| Deontas an Chláir AE - INTERREG 111A Amúchta | 3 | **(326)** | (498) |
| Caiteachas Caipitlithe | 10 (a) | **(55)** | (200) |
| Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní | 8 | **(2,404)** | (5,653) |
| Ús Bainc | 7 | **(660)** | (852) |
| Laghdú i méideanna na gCuntas Infhála dlite laistigh de bhliain amháin | | **5,604** | 843 |
| (Méadú) i méideanna na gCuntas Iníoctha dlite laistigh de bhliain amháin | | **(8,432)** | (21,363) |
| (Laghdú) / Méadú i bhForálacha agus Muirir | | **(2,719)** | 869 |
| (Méadú) / Laghdú i méideanna na gCuntas Infhála dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | | **(48)** | 6,372 |
| (Laghdú) i méideanna na gCuntas Iníoctha dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | | **(10,001)** | (7,963) |
| **GLAN (EIS-SREABHADH) AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN** | | **(1,532)** | (29,196) |
| **RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID** | | | |
| Glan (Eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | | **(1,532)** | (29,196) |
| Ranníocaíocht don Státchiste | 13 (a) | **(176)** | (13,911) |
| Aisíocaíochtaí le Gníomhaireachtaí Stáit eile | 13 (b) | **(64)** | - |
| Torthaí ar Infheistíocht agus Seirbhísiú Airgeadais | 25 (a) | **660** | 852 |
| **Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais** | | | |
| Gnóthachtálacha | 25 (b) | **(2,845)** | (10,694) |
| Diúscairtí | 25 (c) | **3,138** | 10,215 |
| **Bainistiú Acmhainní Leachtacha** | | | |
| (Íocaíocht isteach in) / Astarraingt éarlaisí gearrthéarmacha | 25 (d) | **(5,000)** | 49,000 |
| (Laghdú) / Méadú in airgead tirim don tréimhse | | **(5,819)** | 6,266 |
